



CÚIRT
INIÚCHÓIRÍ
NA hEORPA

GA

Tuairim Uimh. 2/2021

(de bhun Airteagal 322(2) CFAE)

maidir leis an togra ón gCoimisiúin maidir le Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 609/2014 d'fhonn intuarthacht na mBallstát a fheabhsú agus nósanna imeachta maidir le réiteach díospóide a shoiléiriú agus na hacmhainní dílse traidisiúnta, CBL agus OIN-bhunaithe á gcur ar fáil (COM(2021) 327 críochnaitheach an 25.6.2021, 2021/0161 (NLE))

Clár Ábhar

	Mír
Réamhrá	01-06
Barúlacha	07-38
An ciste a bhainistiú	08-09
Rialacha maidir le hacmhainní dílse a chur ar fáil	10-13
Córas úis le haghaidh íocaíochtaí déanacha	14-18
Bainistiú ar mhéideanna do-aisghabhála ADT	19-24
Nósanna imeachta chun díospóidí a réiteach	25-35
Comhsheasmhacht na rialacha chun na hacmhainní dílse éagsúla a bhainistiú	36-38
Conclúid	39-42
Iarscríbhinn – Na hathruithe arna moladh againn ar an Togra	

TÁ CÚIRT INIÚCHÓIRÍ AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 322(2) de;

maidir leis an togra ón gCoimisiúin maidir le Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 609/2014 d'fhonn intuarthacht na mBallstát a fheabhsú agus nósanna imeachta maidir le réiteach díospóide a shoiléiriú agus na hacmhainní dílse traidisiúnta, CBL-bhunaithe agus OIN-bhunaithe á gcur ar fáil (COM(2021) 327 críochnaitheach an 25.6.2021, 2021/0161 (NLE));

Ag féachaint don iarratas ón gComhairle le haghaidh tuairime, a fuarthas an 6 Iúil 2021;

Ag féachaint do Chinneadh 2020/2053 ón gComhairle (AE, Euratom) an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh agus Cinneadh 2014/335/AE a aisghairm, Euratom¹;

Ag féachaint do Rialachán Uimh. 609/2014 ón gComhairle (AE, Euratom) maidir leis na modhanna agus an nós imeachta chun na hacmhainní dílse traidisiúnta, CBL-bhunaithe agus OIN-bhunaithe a chur ar fáil agus maidir leis na bearta chun riachtanais airgid a chomhlíonadh², arna leasú go deireanach le Rialachán (AE, Euratom) 2016/804 an 17 Bealtaine 2016³;

Ag féachaint do Rialachán (CEE, Euratom) Uimh. 1553/89 ón gComhairle maidir leis na socruithe aonfhoirmeacha deifnídeacha chun a gcuid acmhainní féin a bhailiú a fhabhraíonn ó CBL⁴, arna leasú go deireanach le Rialachán na Comhairle (AE, Euratom) 2021/769 an 30 Aibreán 2021⁵;

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2021/768 ón gComhairle an 30 Aibreán 2021 lena leagtar síos bearta cur chun feidhme maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 608/2014⁶;

¹ IO L 424, 15.12.2020, lch. 1.

² IO L 168, 7.6.2014, lch. 39.

³ IO L 132, 21.5.2016, lch. 85.

⁴ IO L 155, 7.6.1989, lch. 9.

⁵ IO L 165, 11.5.2021, lch. 9.

⁶ IO L 165, 11.5.2021, lch. 1.

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2021/770 ón gComhairle an 30 Aibreán 2021 maidir le ríomh na hacmhainne dílse bunaithe ar an dramhaíl ó phacáistíocht phlaisteach neamh-athchúrsáilte, ar na modhanna agus an nós imeachta chun an acmhainn dhílis sin a chur ar fáil, maidir leis na bearta chun riachtanais airgid thirim a chomhlíonadh, agus ar ghnéithe áirithe den acmhainn dhílis bunaithe ar OIN⁷; agus

Ag féachaint do thuairimí roimhe seo ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa⁸ ar chóras acmhainní dílse an Aontais, go háirithe Tuairimí Uimhreacha 7/2015 agus 5/2018.

TAR ÉIS AN TUAIRIM SEO A LEANAS A GHLACADH:

⁷ IO L 165, 11.5.2021, lch. 15.

⁸ Tuairim Uimh. 11/2020 (IO C 26, 22.1.2021, lch. 1), Uimh. 5/2018 (IO C 431, 29.11.2018, lch. 1), Uimh. 7/2015 (IO C 5, 8.1.2016, lch. 1), Uimh. 7/2014 (IO C 459, 19.12.2014, lch. 1), Uimh. 2/2012 (IO C 112, 18.4.2012, lch. 1), Uimh. 2/2008 (IO C 192, 29.7.2008, lch. 1), Uimh. 2/2006 (IO C 203, 25.8.2006, lch. 50), Uimh. 4/2005 (IO C 167, 7.7.2005, lch. 1) agus Uimh. 7/2003 (IO C 318, 30.12.2003, lch. 1).

Réamhrá

01 Níor leasaíodh go mór an córas chun buiséad an Aontais Eorpaigh (AE) a mhaoiniú ó 1988. Le 33 bliana anuas, ba iad Acmhainní Dílse Traidisiúnta (ADT), agus na hacmhainní dílse bunaithe ar Cháin Bhreisluacha (CBL) agus Ollioncam Náisiúnta (OIN) na príomhchatagóir ioncaim.

02 I gcomhthéacs an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) 2021-2027, tháinig Cinneadh maidir le hAcmhainní Dílse (CAD) nua⁹ i bhfeidhm an 1 Meitheamh 2021 agus tá feidhm aige go cúlghabhálach ón 1 Eanáir 2021 nuair a bhí an próiseas daingniúcháin sna Ballstáit tugtha chun críche. Choinnigh an córas leasaithe de mhaoiniú AE na trí fhoinse ioncaim atá ann, ach le roinnt athruithe i gcás dhá cheann acu (ADT agus an acmhainn dhílis CBL-bhunaithe). Tugadh isteach leis freisin acmhainn dhílis nua atá comhdhéanta de ranníocaíochtaí náisiúnta bunaithe ar mheáchan na dramhaíola ó phacáistíocht phlaisteach neamh-athchúrsáilte.

03 Cuimsítear sa chreat dlíthiúil reatha a chuireann CAD chun feidhme dhá rialachán maidir le hacmhainní dílse a chur ar fáil: ceann le haghaidh acmhainní dílse ADT, CBL-bhunaithe agus OIN-bhunaithe (an Rialachán maidir le cur ar fáil, nó 'MAR')¹⁰, agus ceann eile don acmhainn dhílis nua bunaithe ar dhramhaíl ó phacáistíocht phlaisteach neamh-athchúrsáilte¹¹. Tá rialachán ar leithligh ann freisin ina gcuimsítear cuid de na socruithe chun an acmhainn dhílis CBL-bhunaithe a bhailiú¹².

04 Is príomhcholún é MAR maidir le cur ar fáil de chóras maoinithe AE, agus bunaítear leis na nósanna imeachta chun na trí acmhainn dhílis thuas a chur ar fáil don bhuiséad AE. Tá sé mar aidhm ag MAR bailiú tráthúil a ráthú maidir lena acmhainní dílse, agus cothrom na Féinne a chinntiú idir Ballstáit. Tháinig an leagan reatha de MAR i bhfeidhm an 1 Deireadh Fómhair 2016, agus tá sé curtha i bhfeidhm go cúlghabhálach ón 1 Eanáir 2014.

05 An 25 Meitheamh 2021, chuir an Coimisiún a thogra i láthair¹³ le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena leasaítear MAR, agus é mar aidhm aige intuarthacht na

⁹ Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle (féach an fonóta [1](#)).

¹⁰ Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 609/2014 ón gComhairle (féach fonótaí [2](#) agus [3](#)).

¹¹ Cinneadh (AE, Euratom) 2021/770 ón gComhairle (féach an fonóta [7](#)).

¹² Rialachán (CEE, Euratom) Uimh. 1553/89 ón gComhairle (féach fonóta [5](#)).

¹³ COM(2021) 327 críochnaitheach an 25.6.2021.

mBallstát a fheabhsú agus nósanna imeachta maidir le réiteach díospóide a shoiléiriú agus a gcuid acmhainní dílse á gcur ar fáil ('an Togra'). Freagraíonn sé do chonclúidí ón gComhairle i mí Iúil 2020¹⁴, inar tugadh cuireadh don Choimisiún “measúnú a dhéanamh ar thogra a chur i láthair chun athbhreithniú a dhéanamh ar an rialachán thuas agus aghaidh a thabhairt ar chuid de na dúshláin maidir le hacmhainní dílse a chur ar fáil”. An 6 Iúil 2021, d’iarr an Chomhairle orainn tuairim a thabhairt ar an Togra.

06 Leis an Tuairim sin, déantar measúnú féachaint an bhfuil na forálacha leasaithe atá beartaithe i MAR ag teacht leis an gcuipóir maidir le feabhas a chur ar na socrúithe chun acmhainní dílse a chur ar fáil, mar atá leagtha amach ag an gCoimisiún ina Thogra. Cuirtear san áireamh inár measúnú an tionchar a d’fhéadfadh a bheith ag an Togra ar bhuiséad AE, prionsabail ghinearálta an rialaithe inmheánaigh, torthaí ár dtuarascálacha bliantúla agus ár dtuairimí roimhe seo i réimse na n-acmhainní dílse. Le linn ár n-anailíse, cuirimid moladh san áireamh lena mbreithniú ag an gCoimisiún agus ag reachtóirí.

¹⁴ CO EUR 10/20, cruinniú speisialta den Chomhairle Eorpach (17, 18, 19, 20 agus 21 Iúil 2020), conclúidí, pointe 142.

Barúlacha

07 Is sna réimsí seo a leanas atá ár mbarúlacha faoin Togra, lena gcumhdaítear na hathruithe atá molta ag an gCoimisiún agus ar na cinn is suntasaí iad dar linn (ag tagairt do na forálacha ábhartha):

- (a) An ciste a bhainistiú (Airteagal 9(1));
- (b) Rialacha maidir le hacmhainní dílse a chur ar fáil (Airteagail 10a(2) agus 10b(5));
- (c) Córas úis le haghaidh íocaíochtaí déanacha (Airteagal 12 (3) agus 12(5));
- (d) Bainistiú maidir le méideanna do-aisghabhála ADT (Airteagal 13(2));
- (e) Nósanna imeachta chun díospóidí a réiteach (Airteagail 10b(7), 13(5) agus 13b); agus
- (f) Comhsheasmhacht na rialacha chun na hacmhainní dílse éagsúla a bhainistiú.

An ciste a bhainistiú

08 Foráiltear leis an Togra do rogha ag an gCoimisiún **cuntas acmhainní dílse atá láraithe** a oscailt le hinstiúid airgeadais dá rogha chun íocaíochtaí a bhailiú ó na Ballstáit¹⁵. Chuirfeadh sé sin leis an déchóras reatha, lena n-áirítear bainistiú cuntas a osclaítear in ainm an Choimisiúin le cistí ó Bhallstáit nó bainc cheannais náisiúnta, chomh maith le cuntais a osclaítear in ainm an Choimisiúin le bainc thráchtála. Chuirfeadh sé córas eile ina ionad freisin, seans. Tá baint ag an gcóras le líon mór aistrithe bainc de mhéideanna éagsúla ó Bhallstáit chuig an gCoimisiún arna iarraidh sin ag an gCoimisiún. Chuirfí tabhairt isteach an chisteáin láraithe atá beartaithe ag an gCoimisiún i bhfeidhm sa todhchaí, ar bhonn rogha a bheith páirteach arna iarraidh sin ag na Ballstáit.

Ár measúnú ar na hathruithe atá beartaithe i mbainistiú cistí

09 Dhéanfaidh cuntas acmhainní dílse atá láraithe simpliú ar chóras an chisteáin, agus cheadófaí leis cur chuige comhthiomsaithe maidir le bainistiú airgid. D'fhéadfadh sé líon agus minicíocht na n-aistrithe bainc ó Bhallstáit chuig an gCoimisiún a laghdú. Cé go bhféadfaí an t-ualach den riaracháin atá i gceist a laghdú leis an samhail nua sin

¹⁵ Airteagal 9(1) den leasú atá beartaithe ar MAR.

trí roinnt cuntas bainc a úsáid, tugaimid faoi deara nach dtacaíonn anailís mhionsonraithe ar chostais is tairbhe leis an togra seo maidir le bainistíocht láraithe ciste don Choimisiún agus do na Ballstáit. Ina theannta sin, níor dréachtaíodh na sonraí oibríochtúla maidir leis an gcaoi a n-oibreodh an córas bainistithe láraithe sin sa chleachtas go fóill. Mar thoradh air sin, ní féidir linn a mheas go hiomlán más amhlaidh go bhfuil an fhéidearthacht ag an leasú seo atá beartaithe ar MAR feabhas a chur ar an mbealach a gcuirtear acmhainní dílse ar fáil.

Rialacha maidir le hacmhainní dílse a chur ar fáil

10 Déantar foráil sa Togra maidir leis an bhféidearthacht go ndéanfaidh na Ballstáit réamhíocaíochtaí acmhainní dílse CBL-bhunaithe agus OIN-bhunaithe, go háirithe nuair a leasaítear an buiséad AE ag deireadh na bliana¹⁶. Is nós imeachta eisceachtúil é seo, bunaithe ar chleachtas riaracháin atá ann cheana, agus tá sé faoi réir údarú ón gCoimisiún tar éis iarratais chuí-réasúnaithe ó na Ballstáit le fógra trí seachtaine ar a laghad roimh ré. Iarrann na Ballstáit na réamhíocaíochtaí sin go príomha mar gheall ar a nósanna imeachta don bhuiséid náisiúnta. Is fearr le roinnt Ballstát ranníocaíochtaí a dhéanamh an bhliain chéanna le buiséad AE a n-iarrtar an ranníocaíocht ina leith, fiú má shamhlaítear leis an nglao ar chistí go gcuirfear na hacmhainní dílse ar fáil i mí Eanáir na bliana dár gcionn.

11 Molann an Coimisiún freisin an spriocdháta chun na hoiriúnuithe ar acmhainní dílse CBL-bhunaithe agus OTN-bhunaithe maidir leis na blianta airgeadais roimhe seo a chur siar (na 'hiarmhéideanna') ó mhí an Mheithimh na bliana inar chuir an Coimisiún Ballstáit ar an eolas faoi na méideanna atá i gceist (bliain N+1) go Márta na bliana dár gcionn (N+2)¹⁷. Is éard atá i gceist leis na hiarmhéideanna sin ná an méid foriomlán idir Ballstáit a athdháileadh, ag brath ar na scaireanna faoi seach san acmhainn dhílis atá OIN-bhunaithe.

Ár measúnú ar na rialacha atá beartaithe chun acmhainní dílse a chur ar fáil

12 Fáiltímid roimh na forálacha atá beartaithe maidir le réamhíocaíochtaí toisc go ndéanann siad cleachtais atá ann cheana a chur ar bhonn foirmiúil agus go dtugann siad níos mó deimhneacht dhlíthiúil do Bhallstáit. Tá siad neodrach freisin don bhuiséad AE, ós rud é go n-íocfaidh Ballstáit aon chostas breise, amhail ús diúltach, atá nasctha le réamhíocaíochtaí.

¹⁶ Airteagal 10a(2) den leasú atá beartaithe ar MAR.

¹⁷ Airteagal 10b(5) den leasú atá beartaithe ar MAR.

13 Tacaímid leis an spriocdháta a chur siar chun iarmhéideanna do na hacmhainní dílse CBL-bhunaithe agus OTN-bhunaithe a chur ar fáil, mar cinntítear leis sin go bhfuil na híocaíochtaí atá le déanamh ag Ballstáit níos intuatha, agus féadfaidh siad nósanna imeachta buiséadacha náisiúnta a éascú. Thugamar tacaíocht don nós imeachta cheana féin atá beartaithe chun níos mó ama a cheadú idir dáta an fhógra agus an dáta a mbeidh ar na Ballstáit méideanna a chur ar fáil ann¹⁸. Cé go bhfuil an Togra neodrach don bhuiséad AE, laghdóidh sé a thuilleadh éiginnteacht bhuiséadach agus leachtachta do Bhallstáit, agus ar an gcaoi sin feabhsófar leis córas a gcuid acmhainní dílse.

Córas úis le haghaidh íocaíochtaí déanacha

14 Méadaítear leis an Togra **an tairseach chun ús a tharscaoileadh ar íocaíochtaí déanacha maidir lena gcuid acmhainní dílse** ó €500 go €1 000¹⁹ d'fhonn nósanna imeachta téarnaimh a dhéanamh níos éifeachtúla ó thaobh costais de. Leathnaítear leis an **gcaidhpeáil úis ar íocaíochtaí déanacha maidir lena gcuid acmhainní dílse – teoranta do 16 phointe céatadáin faoi láthair – do sheanchásanna** i gcás nach bhfuil feidhm ag caidhpeáil faoi na rialacha reatha²⁰. San am atá caite, charnaigh roinnt Ballstát méideanna an-mhóra úis a bhí dlite ar íocaíochtaí moillithe, bunaithe ar na rialacha a leagtar síos i MAR (ráta úis 0.25 pointe céatadáin fabhráithe do gach mí de mhóil).

15 D'fhonn méideanna díréireacha úis a chosc ón gcarnadh, sa leasú a rinneadh roimhe seo ar MAR²¹ tugadh caidhp isteach cheana féin ar an méadú ar an ráta úis go 16 phointe céatadáin as dul thar an spriocdháta chun a gcuid acmhainní dílse a chur ar fáil; bhain sé sin le híocaíochtaí déanacha as a gcuid acmhainní dílse a bhí dlite ón 1 Deireadh Fómhair 2016. Chuireamar fáilte roimhe seo roimh an moladh chun caidhp a chur ar uasmhéadú ar an ráta úis²².

16 Leathnaítear leis an Togra caidhp a chur ar an méadú ar ús go cásanna nach bhfuil feidhm ag an gcaidhp reatha leo, m.sh. iad siúd a bhaineann le híocaíocht dhéanach ar acmhainní dílse a bhí dlite roimh an 1 Deireadh Fómhair 2016. Measann an Coimisiún go dtiocfadh laghdú féideartha de €27.5 milliún in aghaidh na bliana ar an ioncam úis a

¹⁸ Alt 11 dár dTuairim Uimh. 7/2015.

¹⁹ Airteagal 12(3) den leasú atá beartaithe ar MAR.

²⁰ Airteagal 12(5) den leasú atá beartaithe ar MAR.

²¹ Cinneadh (AE, Euratom) 2016/804 ón gComhairle (féach an fonóta 3).

²² Alt 17 dár dTuairim Uimh. 7/2015.

bhaileofar do bhuiséad AE mar gheall ar an togra seo. Idir 2015 agus 2019, ní raibh ach cúig Bhallstát dlite do níos mó ná 70 % den ús ar íocaíochtaí déanacha.

Ár measúnú ar an gcóras úis atá beartaithe le haghaidh íocaíochtaí déanacha

17 Fáiltímid roimh dhúbailt a dhéanamh ar an tairseach chun ús a tharscaoileadh, rud is dócha a ndéanfaidh an próiseas aisghabhála níos éifeachtúla ó thaobh costais de. Fuaireamar amach, áfach, nach rachadh méadú den sórt sin chun leasa ach do sheacht gcinn as 94 cás in aghaidh na bliana²³, agus go mbeadh tionchar teoranta acu dá bharr. Tuigimid, áfach, gur cheart go soláthródh an córas úis d'íocaíochtaí déanacha freisin dreasachtaí láidre do na Ballstáit chun íoc in am.

18 Cé go n-aontaíonn muid go ndéanann an síneadh atá beartaithe ar chaidhp a chur ar ús ar íocaíochtaí déanacha an córas reatha ina iomláine a shimpliú, cuireann muid in iúl go bhfhéadfadh go mbeadh sochair ann do Bhallstáit nár chomhlíon a n-oibleagáid chun íocaíochtaí a dhéanamh in am.

Bainistiú ar mhéideanna do-aisghabhála ADT

19 Bailíonn na Ballstáit dleachtanna custaim, cláraíonn siad iad i gcuntais shonracha, agus cuireann siad ar fáil iad don Aontas ar bhonn míosúil. Coinnítear i gcuntais ar leithligh de chuid Ballstát dleachtanna arna mbunú ach nach bhfuil íochta fós ag allmhaireoir. D'fhéadfaí roinnt cúiseanna a dhéanamh air sin, m.sh. achomharc a chuir allmhaireoir isteach in aghaidh an chinnidh lena mbunaítear dleachtanna custaim, easpa íocaíochta, nó dócmhainneacht an allmhaireora.

20 Ba cheart a dhearbhu go bhfuil na méideanna atá cláraithe sna cuntais ar leithligh sin do-aisghabhála nuair a mheasann na húdaráis náisiúnta nach féidir leo iad a aisghabháil, agus ba cheart a mheas nach féidir iad a aisghabháil tráth nach déanaí ná cúig bliana tar éis an dáta a bunaíodh an méid. I ngach cás ina bhfuil méideanna neamh-inráitithe os cionn EUR 100 000, ba cheart don Choimisiún a mheas an bhfuil na héilimh ar neamh-aisghabháil inchurtha i leith na mBallstát, agus ar an gcaoi sin go gceanglódh sé orthu méideanna den sórt sin a chur ar fáil do bhuiséad an Aontais. I gcás achomharc breithiúnach nó íocaíocht pháirteach, tosaíonn an tréimhse cúig bliana

²³ Meánfhigiúr bunaithe ar an bhfaisnéis a sholáthraíonn an Coimisiún do chásanna maidir le híocaíochtaí úis déanacha do 2018, 2019 agus 2020.

ón dáta a eisítear cinneadh críochnaitheach na cúirte nó ón dáta a dhéantar an íocaíocht dheireanach²⁴.

21 Inár dtuarascálacha bliantúla le déanaí²⁵, thuairiscíomar laigí leanúnacha i mbainistiú cuntas ar leithligh i mBallstáit áirithe, m.sh. fiacha sa chóras cuntasáochta a dhíscríobh nó a thaifeadh go déanach, nó moilleanna maidir le haisghabháil na bhfiach a fhorfheidhmiú. I gcuntais chomhdhlúite an Aontais 2020, b'fhiú EUR 1.4 billiún líon na bhfaighteoirí ó na cuntais ar leithligh agus bhí siad faoi réir méid EUR 892 milliún, lena n-áirítear méideanna na ndleachtanna do-aisghabhála (in 2019, bhí na comhiomláin chéanna EUR 1.6 billiún agus EUR 931 milliún, faoi seach)²⁶.

22 D'fhonn bainistíocht a fheabhsú agus carnadh úis ar íocaíochtaí déanacha i seanchásanna a sheachaint (féach alt **14** go **18**), molann an Coimisiún **teorainn ama ghinearálta (10 mbliana) chun méideanna do-aisghabhála fiacha a bhaint de na cuntais ar leithligh sin**, agus é mar aidhm a chinntiú go ndéantar cásanna a mheas agus a rialáil laistigh de thréimhse réasúnta ama, beag beann ar achomhairc bhreithiúnacha leanúnacha nó íocaíochtaí páirteacha²⁷. Ní thacaíonn aon mheasúnú leis an togra seo a thaispeánann go gcuirfeadh athrú den sórt sin feabhas ar bhainistiú ADT.

Ár measúnú ar na hathruithe atá beartaithe ar an mbealach a bhainistítear méideanna do-aisghabhála ADT

23 Cé go mbeidh laghdú suntasach ar na fiacha custaim a thaifeadtar i gcuntais ar leithligh ADT mar thoradh ar an leasú atá beartaithe, ní dócha go ndéanfaidh sé bainistiú na mBallstát ar a gcuid acmhainní dílse níos simplí. Tá ualach breise ar an gCoimisiún mar gheall ar an athrú atá beartaithe, mar chaithfeadh sé a mheas an bhfuil na Ballstáit faoi dhliteanas airgeadais i gcásanna atá fós faoi achomharc breithiúnach. Maidir leis na cásanna sin, d'fhéadfaí an fiach a chealú leis an gcinneadh críochnaitheach.

²⁴ Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 609/2014 ón gComhairle, Airteagal 13(2).

²⁵ Féach ár dtuarascálacha bliantúla ó 2012, m.sh. alt 3.9 dár dtuarascáil 2019, alt 4.10 dár dtuarascáil 2018, alt 4.15 dár dtuarascáil 2017, agus alt 4.15 dár dtuarascáil 2016.

²⁶ COM(2021) 381 críochnaitheach an 30.6.2021.

²⁷ Airteagal 13(2) den leasú atá beartaithe ar MAR (an cúigiú fo-alt).

24 Is é ár dtuairim nach léirítear a mhéid a chuireann na hathruithe atá beartaithe le héifeacht na gcóras chun ADT a chur ar fáil. Mar a thugamar le fios inár dtuarascálacha bliantúla roimhe seo²⁸, b'fhéarr go bhfeabhsódh an Coimisiún bainistiú na gcuntas sin trí ghníomh leanúnach a dhéanamh, ní hamháin chun na rialacha a shoiléiriú maidir le dleachtanna custaim seanbhunaithe nár bailíodh a thaifeadadh, ach freisin chun tacaíocht ábhartha a sholáthar do Bhallstáit agus iad á gcur i bhfeidhm. Ina theannta sin, ba cheart don Choimisiún faireachán a dhéanamh ar na cuntais ar leithligh arna dtiomsú ag údaráis chustaim náisiúnta.

Moladh 1 – Déan athmhachnamh ar theorainn ama ghinearálta a thabhairt isteach chun fiacha do-aisghabhála a bhaint ó chuntais ADT ar leithligh

Toisc nach léirítear go ndéanfaidh an leasú seo atá beartaithe ar an Rialachán maidir le cur ar fáil bainistiú acmhainní dílse ar leibhéal AE agus ar leibhéal náisiúnta níos éifeachtaí, molaimid athmhachnamh a dhéanamh ar theorainn ama ghinearálta a thabhairt isteach chun fiacha do-aisghabhála a bhaint ó chuntais ADT ar leithligh.

Nósanna imeachta chun díospóidí a réiteach

25 Ní fhoráiltear le MAR faoi láthair aon nós imeachta athbhreithnithe do Bhallstáit chun difríochtaí i dtuairimí a réiteach leis an gCoimisiún maidir lena gcuid acmhainní dílse a chur ar fáil. Féadfaidh Ballstáit caingean do shaibhriú éagórach a thabhairt os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE) áfach, chun na híocaíochtaí a chonspóid. Ceanglaítear leis an ngníomh sin ar Bhallstáit saibhriú a chruthú ar thaobh an Choimisiúin agus bochtaineacht ar a dtaobh féin, ar deacair fianaise a sholáthar ina leith mar gheall ar oibleagáidí náisiúnta faoi dhlí AE a rialaíonn córas a gcuid acmhainní dílse²⁹.

26 Tugtar isteach leis an Togra nua **nós imeachta athbhreithnithe chun díospóid a réiteach** faoi ADT agus an acmhainn dhílis atá CBL-bhunaithe idir Ballstát agus an Coimisiún³⁰. Foráiltear leis an nós imeachta nua d'idirphlé struchtúrtha faoi mhéideanna atá faoi dhíospóid d'fhonn é a dhéanamh níos éasca teacht ar

²⁸ Féach moladh 4.2 dár dtuarascáil bhliantúil 2018; moladh 2 dár dtuarascáil bhliantúil 2015; agus moladh 4 dár dtuarascáil bhliantúil 2014.

²⁹ Alt 82 go 85 de bhreithiúnas CBAE ar chás C-575/18 (Poblacht na Seice v an Coimisiún).




³⁰ Airteagail 10b(7), 13(5) agus 13b den leasú atá beartaithe ar MAR.

chomhaontú. Ní dhéanann an nós imeachta athbhreithnithe difear d’oibleagáid na mBallstát a gcuid ranníocaíochtaí a íoc faoi na spriocdhátaí reachtúla.

27 I gcás easaontais idir Ballstát agus an Coimisiún maidir le méideanna ADT nó ranníocaíochtaí CBL-bhunaithe, déantar foráil leis an Togra freisin do na Ballstáit **cúiseanna imní a chur in iúl** faoi sheasamh an Choimisiúin agus acmhainní dílse á gcur ar fáil. Mar thoradh air sin, cuirtear isteach ar an tréimhse inar fabhraíodh ús³¹. Úsáidtear na “híocaíochtaí forchoimeáda” sin cheana féin sa chóras reatha bunaithe ar an gcleachtas atá ann cheana.

28 Leagtar amach sa Togra socruithe éagsúla don nós imeachta athbhreithnithe (lena n-áirítear spriocanna do na Ballstáit chun iarratais a chur isteach agus don Choimisiún chun barúlacha a thabhairt), ag brath ar an gcineál acmhainne dílse lena mbaineann (féach [Tábla 1](#)).

Tábla 1 – Difríochtaí maidir le nós imeachta sa nós imeachta athbhreithnithe don acmhainn dhílis CBL-bhunaithe agus ADT, mar a shamhlaítear leis an Leasú

Cineál acmhainn dhílis	Teorainn ama don iarratas ó Bhallstáit	Bonn cirt an iarratais	Teorainn ama do bharúlacha ón gCoimisiún
Acmhainn dhílis CBL-bhunaithe	Dhá mhí 	FÉADFAR cúiseanna a thabhairt 	Trí mhí 
ADT	Trí mhí	NÍ MÓR cúiseanna a thabhairt	Sé mhí

Foinse: CIE, bunaithe ar an Leasú

29 Tugadh isteach le Rialachán (CEE, Euratom) Uimh. 1553/89 ón gComhairle³² cheana féin nós imeachta athbhreithnithe don acmhainn dhílis CBL-bhunaithe. Leanann an t-athbhreithniú seo na ceanglais chéanna leis an nós imeachta a mholtar faoi MAR maidir leis na teorainneacha ama d’iarratas na mBallstát agus maidir le

³¹ Airteagal 13a den leasú atá beartaithe ar MAR.

³² Airteagal 9(1)a; féach fonóta 5.

toradh an nós imeachta a chur in iúl don Choimisiún, agus maidir le hábhar an iarratais. Tugtar chun críche leis, áfach, le glacadh an chinnidh ón gCoimisiún a d'fhéadfadh a bheith faoi réir caingean neamhnithe ag an mBallstát os comhair CBAE. Tugadh an nós imeachta céanna isteach freisin don acmhainn dhílis nua bunaithe ar dhramhaíl ó phacáistíocht phlaisteach neamh-athchúrsáilte, mar a shamhlaítear i Rialachán (AE, Euratom) 2021/770 ón gComhairle³³. Mar a thugamar faoi deara roimhe seo³⁴, tugann an ionstraim dheireanach sin deis bhreise do Bhallstáit imeachtaí dlí a thionscnamh mura n-aontaíonn siad leis an gcinneadh ón gCoimisiún maidir lena gcuid acmhainní dílse a chur ar fáil.

30 Ina theannta sin, tagraíonn an Togra don nós imeachta thuasluaite atá ann cheana maidir leis an acmhainn CBL-bhunaithe. Déantar foráil chun an t-athbhreithniú a chur ar fionraí faoin leasú atá beartaithe ar MAR i gcás go dtabharfaidh Ballstát caingean neamhnithe os comhair CBAE i gcoinne cinnidh arna ghlacadh ag an gCoimisiún ar an gcás céanna, de bhun Rialachán (CEE, Euratom) Uimh. 1553/89 ón gComhairle³⁵.

31 Tugtar forléargas ar na nósanna imeachta athbhreithnithe i *dTábla 2* le haghaidh acmhainní dílse a leagtar amach i ngníomhartha dlíthiúla eile atá i bhfeidhm cheana, agus ar na difríochtaí idir na nósanna imeachta sin agus na cinn sa Togra.

³³ Airteagal 9(4)a; féach fonóta 7.

³⁴ Alt 34 dár dTuairim Uimh. 11/2020.

³⁵ Airteagal 13b(4) den leasú atá beartaithe ar MAR.

Tábla 2 – Comparáid idir na nósanna imeachta athbhreithnithe d’acmhainní dílse faoi ghníomhartha dlíthiúla atá ann cheana agus na nósanna imeachta faoin Togra

Cineál acmhainn dhílis	Bunús dlí	Críochnaíonn an nós imeachta le cinneadh ón gCoimisiún	An fhéidearthacht le Ballstát chun caingeán neamhnithe a thabhairt os comhair CBAE	An fhéidearthacht le Ballstát chun caingeán do shaibhriú éagórach a thabhairt os comhair CBAE
▼	▼	▼	▼	▼
Acmhainn dhílis maidir le dramhaíl ó phacáistíocht phlaisteach atá neamh-athchúrsáilte	Rialachán 2021/770	<input checked="" type="checkbox"/>	<input checked="" type="checkbox"/>	<input checked="" type="checkbox"/>
Acmhainn dhílis CBL-bhunaithe	Rialachán 1553/89	<input checked="" type="checkbox"/>	<input checked="" type="checkbox"/>	<input checked="" type="checkbox"/>
	Togra	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input checked="" type="checkbox"/>
ADT	Togra	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input checked="" type="checkbox"/>

Foinse: CIE, bunaithe ar Rialachán (AE, Euratom) 2021/770 ón gComhairle, Rialachán (CEE, Euratom) Uimh. 1553/89 ón gComhairle agus an Togra.

Ár measúnú ar na nósanna imeachta atá beartaithe chun díospóidí a réiteach

32 Fáiltímid roimh an bhforáil atá beartaithe maidir le híocaíochtaí forchoimeáda, a dhéanann cleachtais atá ann cheana nach bhfuil san áireamh i MAR fós a chur ar bhonn foirmiúil. Ionas go mbeidh sé éifeachtach, beidh ar an gCoimisiún nósanna imeachta inmheánacha a dhréachtú lena soiléirítear go háirithe i gcás ina n-úsáidtear íocaíochtaí den sórt sin, conas a dhéantar faireachán orthu, agus maidir leis na cásanna sin ina gcuirtear deireadh leis an gcoinníollacht mar gheall ar fhorchoimeád na mBallstát trí na híocaíochtaí a dhéanamh críochnaitheach.

33 Tugaimid faoi deara gur mhol an Coimisiún gur chóir nós imeachta athbhreithnithe a thabhairt isteach faoi MAR i gcás easaontais idir an Coimisiún agus Ballstáit maidir le ADT agus an acmhainn dhílis CBL-bhunaithe a chur ar fáil. Cé go soláthraítear leis an nós imeachta creat le haghaidh idirphlé struchtúrtha d'fhonn a cheadú do Bhallstáit iarraidh ar an gCoimisiún a seasamh maidir le ríomh, bunú agus

bailiú a gcuid acmhainní dílse a athbhreithniú, ní gá go gcinnteofar réiteach éifeachtach na ndíospóidí leis. Toisc nach gcuirtear críoch leis an nós imeachta le cinneadh ón gCoimisiún, ní féidir le Ballstáit imeachtaí dlí a thionscnamh lena neamhniú. Mar sin féin, is féidir le Ballstáit caingean chun saibhriú éagórach a thabhairt os comhair CBAE má tá íocaíocht fhorchoimeáda déanta.

34 Ina theannta sin, tá rialacha comhthreomhara agus éagsúla go páirteach ann mar thoradh ar an Togra lena rialaítear nósanna imeachta athbhreithnithe d'acmhainní dílse CBL-bhunaithe. Fágann sé sin go bhfuil an córas do mhaoiniú AE níos casta, go dtéann sé i bhfeidhm ar dheimhneacht dhlíthiúil agus ar intuarthacht íocaíochtaí na mBallstát, agus d'fhéadfadh sé ualach mór riaracháin a chruthú don Choimisiún freisin.

35 Ina theannta sin, tugaimid faoi deara nár mhol an Coimisiún nós imeachta den sórt sin a thabhairt isteach don acmhainn dhílis OIN-bhunaithe, rud a ríomhtar ag úsáid sonraí staidrimh, mar atá an acmhainn dhílis nua bunaithe ar dhramhaíl ó phacáistíocht phlaisteach neamh-athchúrsáilte. Léiríonn an acmhainn OIN-bhunaithe an fhoinsé ioncaim is mó do bhuiséad AE (70 % in 2020).

Moladh 2 – Nós imeachta athbhreithnithe aonair a mholadh chun díospóidí a réiteach maidir le hacmhainní dílse a chur ar fáil

D'fhonn an próiseas chun díospóidí a réiteach a shruthlíniú agus ionstraim éifeachtach a sholáthar chun easaontais idir Ballstáit agus an Coimisiún a réiteach, molaimid gur cheart nós imeachta athbhreithnithe amháin a mholadh chun a gcuid acmhainní dílse a chur ar fáil. Ba cheart go n-áiritheofaí i nós imeachta den sórt sin cothromaíocht idir ceart cosanta na mBallstát, agus an t-ualach riaracháin a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis sin don Choimisiún. Ba cheart saintréithe foinsí ioncaim aonair agus a gcreataí dlí faoi seach a chur san áireamh freisin. D'fhonn aon ualach míchuí ar bhainistiú ADT a sheachaint mar gheall ar an líon mór idirbheart foluiteach aonair, d'fhéadfadh an Coimisiún tairseach a shocrú chun an nós imeachta athbhreithnithe a spreagadh ach amháin i gcásanna a bhfuil tionchar suntasach airgeadais acu.

Comhsheasmhacht na rialacha chun na hacmhainní dílse éagsúla a bhainistiú

36 Tugaimid faoi deara nach bhfuil na rialacha a thugtar isteach leis an Togra chun acmhainní dílse a bhainistiú comhsheasmhach i gcónaí maidir leis na rialacha atá leagtha amach i Rialachán (AE, Euratom) 2021/770 ón gComhairle (infheidhme maidir leis an acmhainn dhílis bunaithe ar an dramhaíl ó phacáistíocht phlaisteach neamh-athchúrsáilte) agus i Rialachán (CEE, Euratom) Uimh. 1553/89 ón gComhairle (infheidhme maidir leis an acmhainn dhílis CBL-bhunaithe). Baineann siad sin leis an bhforáil chun réamhíocaíochtaí ó Bhallstáit a cheadú (féach alt **10**), cuirtear na coigeartuithe dáta ar athló ar fáil (féach alt **11**), an tairseach chun ús a tharscaoileadh ar íocaíocht dhéanach (féach alt **14**), agus na nósanna imeachta chun díospóidí a réiteach (féach alt **25 go 31**).

37 Sa Togra, tá an Coimisiún den tuairim gur cheart na forálacha uile chun acmhainní dílse a chur ar fáil a chumasc sa todhchaí nuair a thabharfar foinsí nua ioncaim isteach, mar a aontaíodh sa chomhaontú idirinstiúideach do CAI 2021-2027³⁶. Cé go dtugaimid an chuspóir sin faoi deara, is cúis áiféala dúinn nach bhfuil sé beartaithe ag an Togra go ndéanfar na forálacha uile chun a gcuid acmhainní dílse a chur ar fáil a chumasc. Athdhearbhaímid go ndéanfaí an córas níos simplí agus níos trédhearcaí le rialachán aonair ina gcuimsítear tacar cuimsitheach forálacha maidir le hacmhainní dílse³⁷.

38 Folaítear san *larscríbhinn* athruithe molta ar fhorálacha áirithe den Togra. Baineann ár gcuid moltaí le cuid de na saincheistanna a thuairiscítear thuas, agus pointe beag eagarthóireachta eile.

³⁶ Comhaontú Idirinstiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir leis an smacht buiséadach, maidir le comhar in ábhair bhuiséadacha agus maidir le bainistíocht fhóna airgeadais, mar aon le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treo-chlár chun acmhainní dílse nua a thabhairt isteach (IO L 433I, 22.12.2020, lch. 28).

³⁷ Alt 12 dár dTuairim Uimh. 5/2018.

Conclúid

39 Is é ár dtuairim gur céim dhearfach é togra an Choimisiúin chun an Rialachán maidir le cur ar fáil a leasú i dtreo an creat dlíthiúil reatha a fheabhsú. Déantar leis roinnt cleachtas atá ann cheana a chur ar bhonn foirmiúil, mar shampla an fhéidearthacht chun réamhíocaíochtaí a sholáthar (féach alt **12**) agus feabhsaítear leis go pointe áirithe intuarthacht na bainistíochta airgid go háirithe tríd an sprioc do choigeartuithe ar na hacmhainní a cuireadh ar fáil sna blianta airgeadais roimhe seo a chur siar (féach alt **13**). D'fhéadfadh sé sin cabhrú leis an ualach riaracháin a laghdú. Tugtar isteach leis an Togra nós imeachta freisin chun díospóidí a réiteach nach raibh ann roimhe seo, m.sh. ceann a dhéanann foráil d'idirphlé struchtúrtha faoi mhéideanna faoi dhíospóid d'fhonn é a dhéanamh níos éasca teacht ar chomhaontú (féach alt **33**).

40 Mar sin féin, tá roinnt míbhuntáistí sainaitheanta againn. Má dhéantar caidhp a chur ar úis ar íocaíochtaí déanacha a leathnú amach chuig seanchásanna d'fhéadfadh go mbeadh buntáistí airgeadais ann do roinnt Ballstát mar gheall ar na méideanna suntasacha a d'fhéadfadh a bheith i gceist (féach alt **18**). Tá na nósanna imeachta atá beartaithe chun díospóidí a réiteach maidir le hacmhainní dílse a chur ar fáil éagsúil ó na rialacha atá leagtha amach i rialacháin eile atá ann cheana maidir leis an acmhainn dhílis CBL-bhunaithe agus an acmhainn dhílis nua atá bunaithe ar dhramhaíl ó phacáistíocht phlaisteach neamh-athchúrsáilte (féach alt **34**).

41 Ina theannta sin, ní thacaíonn fianaise leordhóthanach le cuid de na leasuithe atá beartaithe ar fhorálacha reatha MAR, rud a chiallaíonn nach féidir a dtionchar ar éifeachtúlacht a gcuid acmhainní dílse a chur ar fáil a thaispeáint. Baineann sé sin le cuntais láraithe ciste a bhunú (féach mír **09**) agus leis na rialacha maidir le bainistiú méideanna indealaithe de TOR a athrú (féach mír **23**). Is cúis áiféala dúinn freisin nach mbeartaítear leis an Togra seo na forálacha uile a chumasc chun acmhainní dílse a chur ar fáil (féach mír **37**).

42 Creidimid dá bhrí sin go bhféadfaí an togra reachtach a fheabhsú trí:

- athmhachnamh a dhéanamh ar thabhairt isteach teorainn ama ghinearálta chun fiacha do-aisghabhála a bhaint ó chuntais ar leithligh ADT; agus
- athbhreithniú breise a dhéanamh ar na nósanna imeachta chun díospóidí a réiteach, trí nós imeachta athbhreithnithe aonair a mholadh d'acmhainní dílse.

Ghlac Seomra V leis an Tuairim seo, faoi cheannas Tony Murphy, Comhalta de chuid na Cúirte Iniúchóirí, i Lucsamburg an Dé Céadaoin 22 Meán Fómhair 2021.

Thar ceann na Cúirte Iniúchóirí

A handwritten signature in black ink, appearing to read 'K-H Le', written in a cursive style.

Klaus-Heiner Lehne

Uachtarán

Iarscríbhinn – Na hathruithe arna moladh againn ar an Togra

Maidir leis an togra ón gCoimisiún maidir le Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 609/2014 d'fhonn intuarthacht na mBallstát a fheabhsú agus chun nósanna imeachta maidir le réiteach díospóide a shoiléiriú agus na hacmhainní dílse traidisiúnta, CBL agus OIN-bhunaithe á gcur ar fáil (COM(2021) 327 críochnaitheach an 25.6.2021, 2021/0161 (NLE))

Tagairt do na forálacha atá beartaithe	Na hathruithe a mholaimid	Tuairimí
Airteagal 13(2)	Ba cheart téacs na forála atá i bhfeidhm faoi láthair a choinneáil.	Molaimid gur cheart athmhachnamh a dhéanamh ar an teorainn ama ghinearálta 10 mbliana chun fiacha do-aisghabhála a bhaint de chuntais ADT ar leithligh (féach ailt 19 go 24 agus Moladh 1).
Airteagal 13b	Ba cheart an fhoráil atá beartaithe a athdhréachtú chun nós imeachta athbhreithnithe aonair a thabhairt isteach chun díospóidí a réiteach maidir le hacmhainní dílse a chur ar fáil.	Ba cheart nós imeachta don athbhreithniú aonair a mholadh maidir le hacmhainní dílse a chur ar fáil. Ba cheart go gcuirfí san áireamh i nós imeachta den sórt sin tréithe sainiúla d'fhoinsí ioncaim aonair agus a gcreataí dlí faoi seach (féach ailt 25 go 35 agus Moladh 2).

Maidir leis an togra ón gCoimisiún maidir le Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 609/2014 d’fhonn intuarthacht na mBallstát a fheabhsú agus chun nósanna imeachta maidir le réiteach díospóide a shoiléiriú agus na hacmhainní dílse traidisiúnta, CBL agus OIN-bhunaithe á gcur ar fáil (COM(2021) 327 críochnaitheach an 25.6.2021, 2021/0161 (NLE))

Tagairt do na forálacha atá beartaithe	Na hathruithe a mholaimid	Tuairimí
Airteagal 13b(2)	“Laistigh de shé mhí ón iarratas a chuirtear ar fáil i mír 1 a fháil, cuirfidh an Coimisiún in iúl (...)”.	Tagraíonn an nós imeachta athbhreithnithe atá beartaithe do ADT. D’fhonn aon débhríocht a sheachaint, molaimid a shonrú go dtagraíonn sé d’Airteagal 13(5) den leasú atá beartaithe ar MAR. Ar an gcaoi chéanna, thagair an Coimisiún d’Airteagal 10b(7) agus foráil á dhéanamh aige don nós imeachta maidir leis an acmhainn dhílis CBL-bhunaithe san abairt dheireanach d’Airteagal 13b(2): “I gcás easaontais idir Ballstát agus an Coimisiún dá dtagraítear in Airteagal 10b(7), cuirfidh an Coimisiún ... in iúl (...)”. Ba cheart an moladh seo a léamh i dteannta na dtuairimí thuas ar Airteagal 13b.